Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**6163/23**

**AGRI 46**
**AGRIFIN 14**
**FIN 149**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 30 Eanáir 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16127/22 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 10/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Éascaíonn LEADER agus forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail rannpháirtíocht áitiúil, ach níl léiriú leordhóthanach ann go fóill maidir le buntáistí breise<br>- *Conclúidí ón gComhairle* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le:

*Tuarascáil Speisialta Uimh. 10/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:*
*'Tuarascáil Speisialta Uimh. 10/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Éascaíonn LEADER agus forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail rannpháirtíocht áitiúil, ach níl léiriú leordhóthanach ann go fóill maidir le buntáistí breise'*

a ghlac an Chomhairle ag an 3629ú cruinniú a bhí aici, an 30 Eanáir 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 10/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**
***'Éascaíonn LEADER agus forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail rannpháirtíocht áitiúil, ach níl léiriú leordhóthanach ann go fóill maidir le buntáistí breise'***

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH MAR SEO A LEANAS

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 10/2022 ón gCúirt dar teideal 'Éascaíonn LEADER agus forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail rannpháirtíocht áitiúil, ach níl léiriú leordhóthanach ann go fóill maidir le buntáistí breise' inar scrúdaíodh an ndearna cur chuige LEADER/forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail tairbhe don fhorbairt áitiúil agus an ndearna an Coimisiún, na Ballstáit agus na Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla na costais agus na rioscaí a bhaineann leis an gcur chuige a bhainistiú go maith, go háirithe i gcomparáid le cláir chaiteachais phríomhshrutha an Aontais;

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE moltaí na Cúirte don Choimisiún meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh ar chostais agus ar thairbhí LEADER agus measúnú a dhéanamh ar an bhforbairt áitiúil faoi stiúir an phobail, rud a ghlac an Coimisiún go páirteach i gcás an chéad mholta agus go hiomlán i gcás an dara moladh;

3. MEABHRAÍTEAR DI gur léiríodh ábharthacht mhodh LEADER le 30 bliain ó tugadh isteach é agus go bhfuil sé bailí i gcónaí agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS breisluach LEADER a eascraíonn as cur chun feidhme iomlán an mhodha agus as na tairbhí inléirithe a bhaineann leis ó thaobh rialachas áitiúil, caipiteal sóisialta feabhsaithe agus na dtorthaí feabhsaithe ar thionscadail LEADER i gcomparáid le modhanna seachadta eile seachas modh LEADER;

4. AITHNÍONN SÍ, mar chuid den chomparáid idir modh seachadta LEADER agus samhlacha eile cistiúcháin, go gcaithfí aitheantas a thabhairt do rannchuidiú doláimhsithe LEADER leis an méadú ar chaipiteal sóisialta agus daonna ar an leibhéal áitiúil in éineacht le rioscaí agus costais scéimeanna cistiúcháin eile;

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an tuairim go bhféadfadh castacht mhéadaithe maidir le tionscadail forbartha áitiúla a chistiú a bheith mar thoradh ar an gcur chuige ilchiste san fhoirm ina bhfuil sé faoi láthair, rud a tugadh isteach do chlárthréimhse 2014-20 chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar thacaíocht don fhorbairt áitiúil agus chun na naisc idir limistéir thuaithe, uirbeacha agus iascaigh a threisiú;

6. AITHNÍONN SÍ go bhféadfaí feabhsú chun a áirithiú go mbeidh comhpháirtíochtaí na ngrúpaí gníomhaíochta áitiúla cuimsitheach agus go háirithe go mbeidh daoine óga, mná agus grúpaí nach bhfuil na buntáistí céanna acu rannpháirteach sa phróiseas cinnteoireachta. Mar sin féin, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach féidir na spriocanna inmhianaithe a shainiú agus a bhaint amach i gcónaí i ngeall ar bhánú na limistéar tuaithe;

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil gá le tuilleadh oibre, trí bhíthin faireacháin, modheolaíochtaí meastóireachta agus líonrú ar leibhéal an Aontais, chun measúnú agus léiriú níos fearr a dhéanamh ar bhreisluach chur chuige LEADER maidir le caipiteal sóisialta agus rialachas áitiúil;

8. MOLANN SÍ do na Ballstáit, ina bPleananna Straitéiseacha CBT 2023-27, díriú ar incháilitheacht idirghabhálacha LEADER maidir le tionscadail lena mbaineann breisluach agus, ag an am céanna, an tsolúbthacht is gá a choinneáil le haghaidh cur chuige ó bhun aníos chun freastal ar na riachtanais áitiúla.